Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3764

24.6.2024

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Bealtaine 2024 – an Fhrainc v an Coimisiún**

**(Cás T-555/22)** ([1])

***(Córas Teanga – Fógra comórtais oscailte chun riarthóirí agus saineolaithe a earcú i Réimsí an Tionscail Cosanta agus Spáis – Teorainn le rogha teanga 2 go Béarla – Rialachán Uimh. 1 – Airteagal 1d(1), Airteagal 27 agus Airteagal 28(f) den Reacht – Idirdhealú bunaithe ar theanga – Leas na seirbhíse – Comhréireacht)***

(C/2024/3764)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Poblacht na Fraince (ionadaithe: T. Stéhelin, B. Fodda agus S. Royon, Gníomhairí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Niddam, L. Vernier agus I. Melo Sampaio, Gníomhairí)

*Idiragraithe ag tacú leis an iarratasóir:* Ríocht na Beilge (ionadaithe: C. Pochet, M. Van Regemorter agus S. Baeyens, Gníomhairí), an Phoblacht Heilléanach (ionadaí: V. Baroutas, Gníomhaire), Poblacht na hIodáile (ionadaithe: G. Palmieri, Gníomhaire, le cúnamh ó P. Gentili, Dlíodóir)

## Ábhar

Trína chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí fógra comórtais oscailte EPSO/AD/400/22 dar teideal ‘Riarthóirí (AD 7) agus saineolaithe (AD 9) i Réimsí an Tionscail Cosanta agus an Spáis’ (IO 2022, C 233 A, lch. 1), ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1) Cuirtear fógra comórtais oscailte EPSO/AD/400/22, ‘Riarthóirí (AD 7) agus saineolaithe (AD 9) i Réimsí an Tionscail Cosanta agus an Spáis’, ar neamhní.

2) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin, chomh maith leis na costais arna dtabhú ag Poblacht na Fraince, a íoc.

3) Ordaítear do Ríocht na Beilge, don Phoblacht Heilléanach agus do Phoblacht na hIodáile a gcostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 408, 24.10.2022.